2024/1432

23.5.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1432 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Bealtaine 2024

lena mbunaítear an Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach le haghaidh na Comhpháirtíochta Eorpaí Blocshlabhra agus Bhonneagar na Seirbhíse Eorpaí Blocshlabhra (EUROPEUM-EDIC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(3)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2022/2481 cumhachtaítear an Coimisiún Cuibhreannais don Bhonneagar Digiteach Eorpach (dá ngairtear 'EDICanna' anseo feasta) a chur ar bun.

(2) An 14 Meitheamh 2023, chuir an Bheilg, an Iodáil, an Phortaingéil, an Chróit agus an tSlóivéin iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Chinneadh (AE) 2022/2481 chun an Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach le haghaidh na Comhpháirtíochta Eorpaí Blocshlabhra agus Bhonneagar na Seirbhíse Eorpaí Blocshlabhra (EUROPEUM-EDIC) a bhunú. Chuaigh Lucsamburg, an Rómáin, an Ghréig agus an Chipir isteach sa ghrúpa Ballstát a rinne an t-iarratas sin an 7 Meán Fómhair, an 30 Deireadh Fómhair 2023, an 31 Eanáir agus an 5 Aibreán 2024, faoi seach.

(3) Mar an Ballstát óstach, chuir an Bheilg dearbhú ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 14(1)(d) de Chinneadh (AE) 2022/2481 lena n-aithnítear EUROPEUM-EDIC mar chomhlacht idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 143(1), pointe (g) agus Airteagal 151(1), pointe (b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle ([2]) agus mar eagraíocht idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 11(1), pointe (b), de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle ([3]), ón dáta a chuirtear ar bun é.

(4) Rinne an Coimisiún measúnú ar an iarratas de bhun Airteagal 14(2) de Chinneadh (AE) 2022/2481. Bhí sé de chonclúid aige go bhfuil na heilimintí uile a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Chinneadh (AE) 2022/2481 mar chuid den iarratas. Agus cuspóirí ginearálta an Chláir Beartais don Deacáid Dhigiteach á gcur san áireamh, go háirithe rannchuidiú an EDIC atá beartaithe le héiceachóras cuimsitheach inbhuanaithe de bhonneagair dhigiteacha idir-inoibritheacha a fhorbairt, agus na breithnithe praiticiúla a bhaineann le cur chun feidhme an tionscadail ilnáisiúnta, go háirithe acmhainneacht theicniúil, airgeadais agus riaracháin an EDIC atá beartaithe, bhí sé de chonclúid ag an gCoimisiún go gcomhlíonann an EDIC na ceanglais shonracha uile a leagtar síos in Airteagail 13 go 21 de Chinneadh (AE) 2022/2481.

(5) I gcomhréir leis na Reachtanna, táthar ag súil go mbunóidh agus go n-oibreoidh an EDIC an Bonneagar Eorpach um Sheirbhísí Blocshlabhra chun seirbhísí trasteorann uile-Aontais a sholáthar, seirbhísí poiblí go háirithe. Chomh maith leis sin, ba cheart go dtacódh sé le comhar trasteorann idir údaráis phoiblí maidir le teicneolaíochtaí díláraithe agus idir-inoibritheacht na réiteach atá bunaithe ar theicneolaíochtaí díláraithe den sórt sin a éascú.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Chinneadh (AE) 2022/2481, chuathas i gcomhairle leis an gcoiste a bunaíodh faoi Airteagal 23(1) den Chinneadh sin chun a thuairim a fháil maidir le EUROPEUM-EDIC a chur ar bun agus thug sé tuairim dhearfach uaidh an 6 Bealtaine 2024.

([1]) IO L 323, 19.12.2022, lch. 4 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2481/oj.
([2]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj).
([3]) Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/262/oj).

(7) Ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, eadhon tús a chur le hoibriú EUROPEUM-EDIC, rud is gá go práinneach le gur féidir aistriú ordúil a dhéanamh ó na socruithe cur chun feidhme atá ann faoi láthair, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

EUROPEUM-EDIC a chur ar bun

1. Déantar an Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach le haghaidh na Comhpháirtíochta Eorpaí Blocshlabhra agus Bhonneagar na Seirbhíse Eorpaí Blocshlabhra (EUROPEUM-EDIC) a bhunú leis seo.

2. Beidh pearsantacht dhlítheanach ag EUROPEUM-EDIC agus beidh aige i ngach ceann de na Ballstáit an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge a thugtar d'eintitis dhlítheanacha faoi dhlí an Bhallstáit sin. Féadfaidh sé, go háirithe, maoin inchorraithe, réadmhaoin agus maoin intleachtúil a fháil agus a dhiúscairt, féadfaidh sé an mhaoin sin a bheith faoina úinéireacht, agus féadfaidh sé conarthaí a thabhairt i gcrích agus a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.

3. Leagtar amach gnéithe fíor-riachtanacha de reachtanna EUROPEUM-EDIC, mar a chomhaontaigh a chomhaltaí iad, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN –

GNÉITHE FÍOR-RIACHTANACHA DE REACHTANNA EUROPEUM-EDIC

(1) **A chomhfhreagraíonn d'Airteagal 17(1)(c) de Chinneadh (AE) 2022/2481:**

Airteagal 2

Ainm, oifig, suíomh agus teanga oibre

[…]

(1) 'EUROPEUM', dá ngairtear 'EUROPEUM-EDIC' anseo feasta, is ea an t-ainm a bheidh ar an EDIC dá dtagraítear i mír (1).

(2) Beidh oifig chláraithe EUROPEUM-EDIC sa Bhruiséil, an Bheilg.

2. **A chomhfhreagraíonn d'Airteagal 17(1)(d) de Chinneadh (AE) 2022/2481:**

Airteagal 34

Fad

Beidh ann do EUROPEUM-EDIC go dtí go ndéanfar é a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 35.

Airteagal 35

Foirceannadh

1. Is é Tionól na gComhaltaí a chinnfidh foirceannadh EUROPEUM-EDIC i gcomhréir le hAirteagal 11(11)(c) de na Reachtanna seo.

2. Gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 10 lá tar éis ghlacadh an chinnidh EUROPEUM-EDIC a fhoirceannadh, tabharfaidh EUROPEUM-EDIC fógra don Choimisiún Eorpach faoin gcinneadh.

3. Na sócmhainní a bheidh fágtha tar éis fiacha EUROPEUM-EDIC a íoc, comhroinnfear ar na Comhaltaí iad i gcomhréir lena ranníocaíocht bhliantúil charntha le EUROPEUM-EDIC mar a shonraítear in Airteagal 10 de na Reachtanna seo.

4. Gan moill mhíchuí agus, in aon chás laistigh de 10 lá ó dhúnadh an nós imeachta foirceanta, tabharfaidh EUROPEUM-EDIC fógra faoi sin don Choimisiún.

5. Tiocfaidh deireadh le EUROPEUM-EDIC an lá a fhoilseoidh an Coimisiún Eorpach an fógra iomchuí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

6. Ní choiscfidh foirceannadh EUROPEUM-EDIC aistriú gníomhaíochtaí EUROPEUM-EDIC chuig eintiteas dlíthiúil nua. Ní mór an t-aistriú sin a dhéanamh i gcomhréir leis na coinníollacha arna gcinneadh ag Tionól na gComhaltaí agus i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach.

3. **A chomhfhreagraíonn d'Airteagal 17(1)(e) de Chinneadh (AE) 2022/2481:**

Airteagal 25

Dliteanas agus árachas

1. Beidh EUROPEUM-EDIC faoi dhliteanas i leith a chuid fiach.

2. Beidh dliteanas airgeadais na gcomhaltaí i leith fhiacha EDIC teoranta dá ranníocaíochtaí faoi seach arna soláthar do EDIC, mar a shonraítear in Iarscríbhinn III.

3. Ní bheidh an tAontas faoi dhliteanas i leith fhiacha EUROPEUM-EDIC.

4. Beidh árachas iomchuí ag EUROPEUM-EDIC chun rioscaí atá sonrach dá ghníomhaíochtaí a chumhdach.

4. **A chomhfhreagraíonn d'Airteagal 17(1)(i) de Chinneadh (AE) 2022/2481:**

Airteagal 23

Díolúintí ó cháin agus ó dhleacht mháil

1. Díolúintí CBL bunaithe ar Airteagal 143(1)(g) agus Airteagal 151(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011, beidh siad teoranta do cheannacháin a dhéanfaidh EUROPEUM-EDIC agus atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag EUROPEUM-EDIC ar choinníoll go ndéanfar ceannachán den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha EUROPEUM-EDIC i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí, agus lena n-aghaidh sin amháin. Comhlíonfaidh EUROPEUM-EDIC *mutatis mutandis* leis na coinníollacha chun cáiliú d'aitheantas mar chomhlacht idirnáisiúnta le haghaidh chur i bhfeidhm Airteagal 143(1)(g) agus Airteagal 151(1)(b) de Threoir 2006/112/CE a leagtar síos in Airteagal 50 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011.

2. Beidh díolúintí CBL teoranta do cheannacháin ar mó a luach ná EUR 300 gan cáin san áireamh.

3. Díolúintí ó dhleacht mháil bunaithe ar Airteagal 11 de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle, beidh siad teoranta do cheannacháin a dhéanfaidh EUROPEUM-EDIC agus atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag EUROPEUM-EDIC ar choinníoll go ndéanfar ceannachán den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha EUROPEUM-EDIC i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí, agus lena n-aghaidh sin amháin, agus gur mó luach an cheannacháin ná EUR 300 gan cáin san áireamh.